
Anseo is Ansiúd

**Book 2**
**Lesson 3**

# Mo Theach




Liam Ó Murchú is ainm dom. Thóg **foirgneoir** mo theach cúpla bliain ó shin. Teach dhá urlár atá ann. Sa chistin ullmhaíonn Mamaí na béilí. Coimeádann sí na **gréithe** agus **uirlisí na cistine** sna cófraí agus ar na seilfeanna. Tá **sorn leictreach** agus **cuisneoir** aici. Cuireann sí im, feoil agus bainne isteach sa chuisneoir. Níonn sí na gréithe sa **doirteal** ach níonn sí na héadaí sa **mheaisín níocháin.**

Sa seomra suite tá dhá **chathaoir uilleacha** agus tolg. Tá cuirtíní deasa ar na fuinneoga agus **cairpéad** álainn ar an urlár. Bíonn Úna ag seinm ar an bpianó sa seomra suite.

Ithimid na béilí sa **seomra bia.** Tá bord mór agus cathaoireacha ann. Bímid ag féachaint ar an teilifís ann chomh maith.

Thuas staighre atá na **seomraí codlata.** I ngach seomra tá **vardrús** agus **bord maisiúcháin.** In aice leis na seomraí codlata tá an **leithreas** agus an **seomra folctha.** Tá **báisín níocháin** agus **folcadán** sa seomra folctha. Tá **scáthán** ar an mballa.

Os comhair an tí tá plásóg bheag agus ar chúl an tí tá gairdín mór.

**Foclóir:**
**foirgneoir,** builder
**gréithe,** delf
**cuisneoir,** refrigerator
**doirteal,** sink
**plásóg,** lawn

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cad a dhéanann Mamaí sa chistin?
   — Déanann sí na ceachtanna.
   — Cóiríonn sí na leapacha.
   — Ullmhaíonn sí na béilí.
2. Cá níonn sí na héadaí?
   — sa doirteal.
   — sa mheaisín níocháin.
   — sa chuisneoir.
3. Cad atá os comhair an tí?
   — plásóg bheag.
   — coill.
   — gairdín glasraí.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**

1. Níonn sí na — sa doirteal.
2. Bímid ag féachaint ar an — sa seomra — .
3. Tá leithreas agus seomra — ann freisin.
4. Tá — — ar na fuinneoga agus tá — ar an urlár.
5. Thuas — atá na seomraí — .

**C. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:**
foirgneoir, sorn leictreach, ithimid, folcadán, níonn sí, tolg, uirlisí na cistine, scáthán.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cé a thóg teach Liam?
2. Cad a choimeádann Mamaí ar na seilfeanna agus sna cófraí sa chistin?
3. Cad chuige an cuisneoir?
4. Cá níonn sí na gréithe?
5. Céard atá sa seomra suite?
6. Cad chuige an seomra bia?
7. Cad chuige an scáthán?
8. Cá bhfuil an folcadán?

**Gramadach 3**

1. **Na hUimhreacha:**
   "dhá chathaoir."
   **Scríobh amach** : 1(peann), 2(cathaoir), 3(capall), 4(seomra), 5(cuisneoir), 6(cófra), 7(teach), 8(fuinneog), 9(pianó), 10(cuirtín).
2. **Thuas, Anuas, Suas.**
   **Líon isteach na bearnaí:**
   Tá Seán — ar an gcrann.
   Tá Tomás ag dul — ar an gcrann.
   Tá Liam ag titim — den chrann.
3. **Briathra : Aimsir Chaite :**
   **Scéal :** Rug Úna ar a rothar inné. Chuaigh sí ag rothaíocht faoin tuath. Chonaic sí coinín ar thaobh an bhóthair. Chuala sí na héin ag canadh. Fuair sí dhá úll i siopa. Thug sí ceann amháin dá cara. D'ith sí féin an t-úll eile. Tháinig sí abhaile um thráthnóna. Rinne sí obair dá Mamaí. Bhí sí sásta léi féin.
   **Scríobh amach an scéal arís ag tosú mar seo:**
   Dé Luain rug mé ar mo rothar . . . . . . . .